Téipscript

Topaic: **Bia agus Sláinte**

Fothopaic: **Boscaí lóin**

Cainteoir: **Nóirín Ní Ghallchóir**

A Nóirín…boscaí lóin!

Go hamhail, níl na boscaí lóin ródheacair ach tá siad bunúsach. Ní thugaim rogha do na páistí. Itheann Ultán…íosfaidh sé go leor rudaí, cuirim cáis isteach agus iógart, deoch…íosfaidh sé ceapaire nó…le sicín istigh ann nó liamhás, cáis…tá sé simplí. Bíonn na ceapairí simplí. Tá Róise níos deacra. Athraíonn sí a hintinn ó lá go lá ach itheann sí ológa, rísíní, ceapaire agus tá sí maith go leor. Itheann sí é, de réir mar a thuigim – ní bhíonn sé sa bhruscar ar scoil.

Nótaí:

Tá canúint Uladh ag an gcainteoir, Nóirín. Tabhair faoi deara an fuaimniú ar an bhfocal 'boscaí' – deir sí 'bocsaí'.